ACHOIMRE AR AN GCINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Eanáir 2022

lena ndiúltaítear dá dhlínse de réir bhrí Airteagail 1 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [1] **(Cás C.1886 — Iliad – Airteagal 265 Cuireadh chun Gníomhaithe)**

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2022)78)

(Is é téacs Fraincise amháin atá barántúil)

(2023/C 2/04)

(1) An 10 Samhain 2021, fuair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") cuireadh chun gníomhaithe ("Cuireadh chun gníomhaithe") ó Iliad SA ("Iliad", an Fhrainc), i gcomhréir le hAirteagal 265 CFAE, inar iarradh ar an gCoimisiún a chinneadh an raibh dlínse aige maidir leis an gcumasc idir Télévision Française 1 SA (" TF1", an Fhrainc) agus Métropole Télévision SA ("M6", an Fhrainc) ("an tIdirbheart").

1. NA PÁIRTITHE AGUS AN TIDIRBHEART

(2) Is fochuideachta faoi úinéireacht pháirteach é TF1 de Bouygues SA ("Bouygues"), a bhfuil 43,7 % de TF1 faoina úinéireacht. Tá Bouygues gníomhach san earnáil tógála, san earnáil teileachumarsáide agus in earnáil na meán. Is í príomhghníomhaíocht TF1, go díreach nó trína fhochuideachtaí, cainéil teilifíse a chraoladh. Chomh maith leis sin, déanann TF1 gníomhaíochtaí eile a bhaineann lena phríomhghníomhaíocht mar chraoltóir teilifíse: léiriú closamhairc agus cineamatagrafach, cearta closamhairc a fháil, spás fógraíochta a mhargú, DVDanna agus CDanna a fhoilsiú agus a dháileadh, táirgí a bhaineann le craoladh a fhorbairt, agus seirbhísí digiteacha agus idirghníomhacha a fhorbairt.

(3) Fochuideachta faoi úinéireacht pháirteach RTL Group SA ("RTL") is ea M6, a bhfuil 48,26 % de M6 faoina húinéireacht; Tá 76,28 % de RTL faoi úinéireacht Bertelsmann SE & Co KGaA ("Bertelsmann"). Is í príomhghníomhaíocht M6, go díreach nó trína fhochuideachtaí, cainéil teilifíse a chraoladh. Chomh maith leis sin, déanann M6 gníomhaíochtaí eile a bhaineann lena phríomhghníomhaíocht mar chraoltóir teilifíse: léiriú closamhairc agus cineamatagrafach, cearta closamhairc a fháil, spás fógraíochta a mhargú, DVDanna agus CDanna a fhoilsiú agus a dháileadh, táirgí a bhaineann le craoladh a fhorbairt, agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt. Ar deireadh, rialaíonn M6 grúpa raidió RTL France, a bhfuil roinnt ceadúnas aige chun cláir raidió a chraoladh sa Fhrainc mheitreapholaiteach agus a dhéanann gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann le hoibriú na seirbhísí raidió sin.

(4) [Tuairisc ar an Idirbheart]. I ndiaidh an Idirbhirt, beidh thart ar 30 % de chaipiteal an Eintitis Nua faoi úinéireacht Bouygues, agus, trí RTL, beidh thart ar 16 % de chaipiteal an Eintitis Nua faoi úinéireacht Bertelsmann.

2. FÍORAIS AGUS NÓS IMEACHTA

(5) An 17 Bealtaine 2021, d'fhógair TF1, M6, Bouygues agus RTL go raibh dréacht-chomhaontuithe curtha i gcrích acu chun dul i mbun idirbheartaíocht eisiach chun gníomhaíochtaí TF1 agus M6 a chumasc. An 17 Bealtaine 2021, shínigh Bouygues agus RTL dhá mheabhrán tuisceana. I ndiaidh na meabhrán tuisceana sin, an 8 Iúil 2021, síníodh creat-chomhaontú idir Bouygues agus RTL agus comhaontú comhcheangail gnó idir TF1 agus M6 ("Comhaontuithe"). Tháinig Bouygues agus RTL ar chomhaontú freisin maidir le dréacht-chomhaontú scairshealbhóirí a shíneofar nuair a bheidh an tIdirbheart tugtha i gcrích ("Comhaontú Scairshealbhóirí").

[1] IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc"). Le héifeacht ón 1 Nollaig 2009, tá athruithe áirithe tugtha isteach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), amhail "Aontas" a chur in ionad "Comhphobal" agus "margadh inmheánach" a chur in ionad "cómhargadh". Bainfear úsáid as téarmeolaíocht CFAE sa chinneadh seo.

(6) An 29 Deireadh Fómhair 2021, sheol údarás iomaíochta na Fraince (Autorité de la concurrence, "ADLC") ceistneoir chuig roinnt rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear Iliad, chun a dtuairimí maidir leis an Idirbheart a fháil ([2]). Sa réamhrá leis an gceistneoir, sonraíonn ADLC go *mbaineann an ceistneoir leis an gcumasc beartaithe idir grúpaí TF1 agus [M6] laistigh d'Eintiteas Nua. Bheadh* [an t-eintiteas nua] *á rialú go heisiach ag* [Bouygues]'. Dá réir sin, sonraítear sa réamhrá leis an tástáil mhargaidh go bhfuil "*an* [tIdirbheart] *lena mbaineann faoi réir údarú ó* [ADLC], *arb é an t-údarás neamhspleách seirbhíse poiblí sa Fhrainc atá freagrach as iomaíocht i margaí a rialáil.*"

(7) An 10 Samhain 2021, sheol Iliad Cuireadh chun Gníomhaithe chuig an gCoimisiún ([3]). Go sonrach, d'áitigh Iliad go mbeadh an tEintiteas Nua, in ainneoin an méid a d'éiligh ADLC, faoi chomhrialú Bouygues agus Bertelsmann agus, dá bhrí sin, go mbeadh gné Aontais ag baint leis.

3. GNÉ A BHAINEANN LEIS AN AONTAS EORPACH

3.1. Cúlra dlíthiúil

(8) Faoi Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le Cumaisc, tá dlínse eisiach ag an gCoimisiún maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhchruinnithe a bhfuil gné Aontais ag baint leo. Tá dhá shraith mhalartacha de thairseacha in Airteagal 1 den Rialachán maidir le Cumaisc lena chinneadh an bhfuil gné Aontais ag baint le comhchruinniú.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 1(2) den Rialachán maidir le Cumaisc, tá gné Aontais ag baint le comhchruinniú i gcás (i) gur mó ná EUR 5 000 milliún láimhdeachas comhiomlán domhanda na ngnóthas uile lena mbaineann; agus (ii) gur mó ná EUR 250 milliún an láimhdeachas comhiomlán ar fud an Aontais atá ag gach ceann de dhá ghnóthas ar a laghad lena mbaineann, mura mbaineann gach ceann de na gnóthais lena mbaineann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas comhiomlán ar fud an Aontais amach laistigh den aon Bhallstát amháin.

(10) Maidir le comhchruinniú nach gcomhlíonann na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 1(2), beidh gné Aontais ag baint leis sna cásanna seo a leanas: (i) gur mó ná EUR 2 500 milliún láimhdeachas comhiomlán domhanda na ngnóthas uile lena mbaineann; (ii) i ngach ceann de na trí Bhallstát ar a laghad, gur mó ná EUR 100 milliún láimhdeachas comhiomlán na ngnóthas uile lena mbaineann; (iii) i ngach ceann de na trí Bhallstát ar a laghad a áirítear chun críche phointe (ii), gur mó ná EUR 25 milliún láimhdeachas comhiomlán gach ceann de dhá ghnóthas ar a laghad lena mbaineann; agus (v) gur mó ná EUR 250 milliún an láimhdeachas comhiomlán ar fud an Aontais atá ag gach ceann de dhá ghnóthas ar a laghad lena mbaineann, mura mbaineann gach ceann de na gnóthais lena mbaineann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas comhiomlán ar fud an Aontais amach laistigh den aon Bhallstát amháin (Airteagal 1(3) den Rialachán maidir le Cumaisc).

(11) D'fhonn dlínse a chinneadh, is ionann na gnóthais lena mbaineann agus na cinn a bhfuil comhchruinniú i gceist leo, i.e. cumasc nó rialú a fháil, de réir bhrí Airteagal 3(1) den Rialachán maidir le Cumaisc ([4]).

(12) I gcomhthéacs urlámhas aonair a fháil, is iad na gnóthais lena mbaineann an gnóthas fála agus an spriocghnóthas araon ([5]).

([2]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 1.

([3]) An 30 Samhain 2021, mar fhreagra ar iarratas ón gCoimisiún ar bharúlacha ("Barúlacha Bouygues"), chuir Bouygues in iúl don Choimisiún go raibh an Cuireadh chun Gníomhaithe "*sínithe ag Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Iliad SA, nach raibh an chumhacht ionadaíochta aige agus nach bhféadfadh sé, dá réir sin, gníomhú in ainm agus thar ceann Iliad SA.*" Trí litir dhaingniúcháin (de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 1156 agus an dara fomhír d'Airteagal 1998 de Chód Sibhialta na Fraince) agus trí dhearbhú a seoladh chuig an gCoimisiún an 6 Nollaig 2021, dheimhnigh Iliad gur thug a stiúrthóir bainistíochta sainordú ó bhéal do Chathaoirleach bhord stiúrthóirí Iliad Cuireadh chun Gníomhaithe a chur chuig an gCoimisiún (féach, chuige sin, freagra Iliad ar RFI 1). Dá bhrí sin, is é tuairim an Choimisiúin go raibh an Cuireadh chun Gníomhaithe arna chur isteach ag an Iliad bailí.

([4]) Fógra Dlínse Comhdhlúite ón gCoimisiún faoin Rialachán maidir le Cumaisc, arna cheartú (IO C 43, 21.2.2009, lch. 10), mír 129 ("Fógra Dlínse Comhdhlúite").

([5]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 134.

(13) I gcás comhrialú a fháil ar chomhfhiontar nua-chruthaithe i ndiaidh do ghnóthas amháin fochuideachta nó gnólacht a bhí ann cheana (a rialaigh sé go heisiach roimhe sin) a chur leis an gcomhfhiontar, meastar gur gnóthas lena mbaineann gach ceann de na gnóthais atá á gcomhrialú. Sa chás sin, tá láimhdeachas an chomhfhiontair ina chuid de láimhdeachas na máthairchuideachta tosaigh ([6]).

3.2. **Láimhdeachas**

(14) In 2020, ghin Bouygues láimhdeachas domhanda EUR 34,7 billiún, láimhdeachas EUR [láimhdeachas] billiún san Aontas agus láimhdeachas EUR [láimhdeachas] billiún sa Fhrainc. Dá bhrí sin, gineann Bouygues níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas iomlán Aontais sa Fhrainc.

(15) In 2020, ghin Bertelsmann láimhdeachas domhanda EUR 17,3 billiún, láimhdeachas de EUR [láimhdeachas] billiún san Aontas agus láimhdeachas de EUR [láimhdeachas] billiún sa Fhrainc. Dá bhrí sin, ní ghineann Bertelsmann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas iomlán Aontais sa Fhrainc.

(16) In 2020, ghin M6 láimhdeachas domhanda EUR 1,27 billiún, láimhdeachas EUR [láimhdeachas] billiún san Aontas agus láimhdeachas EUR [láimhdeachas] billiún sa Fhrainc. Dá bhrí sin, gineann M6 níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas iomlán Aontais sa Fhrainc.

(17) Beag beann ar cibé an gcuirtear athruithe Bouygues agus M6 nó Bouygues agus Bertelsmann san áireamh nó nach gcuirtear, níl aon amhras ach go sáraíonn siad na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 1(2)(a) agus (b). Mura gcuirfí san áireamh ach láimhdeachas Bouygues agus M6 amháin, áfach, ní bheadh gné Aontais leis an Idirbheart, ós rud é go ngineann Bouygues agus M6 níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas Aontais sa Fhrainc. Mura gcuirfí san áireamh ach láimhdeachas Bouygues agus Bertelsmann amháin, ní bheadh gné Aontais leis an Idirbheart, ós rud é nach ngineann Bertelsmann agus M6 níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas Aontais sa Fhrainc.

(18) Is gá, dá bhrí sin, a shocrú cad iad na gnóthais a mbaineann an tIdirbheart leo.

3.3. **Na gnóthais a mbaineann an tIdirbheart leo**

(19) De réir ADLC agus Bouygues, beidh an tEintiteas Nua á rialú ag Bouygues amháin ([7]). I gcás den sórt sin, ba iad Bouygues agus M6 na gnóthais lena mbaineann agus ní bheadh gné Aontais ag baint leis an gcomhchruinniú.

(20) Os a choinne sin, áitíonn Iliad go mbeidh an tEintiteas Nua faoi chomhrialú ag Bouygues agus Bertelsmann ([8]). I gcás den sórt sin, is iad Bouygues agus Bertelsmann a bheadh sna gnóthais lena mbaineann ([9]) agus bheadh gné Aontais ag baint leis an gcomhchruinniú.

(21) Chun a shocrú cad iad na gnóthais a mbaineann an tIdirbheart leo, is gá ar dtús cineál an rialaithe a fheidhmeofar ar an Eintiteas Nua a shocrú.

3.3.1. *Cineál an rialaithe ar an Eintiteas Nua*

3.3.1.1. Réamhrá ar rialachas an Eintitis Nua

(22) I ndiaidh an Idirbhirt, beidh thart ar 30 % de chaipiteal an Eintitis Nua faoi úinéireacht Bouygues, agus, trí RTL, beidh thart ar 16 % de chaipiteal an Eintitis Nua faoi úinéireacht Bertelsmann.

([6]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 139.
([7]) Féach anailís ADLC ar infheidhmeacht an Rialacháin maidir le Cumaisc maidir le hIdirbheart an 30 Samhain 2021, lch. 7, agus Barúlacha Bouygues, lch. 10.
([8]) Cuireadh chun Gníomhaithe, lgh. 1-3.
([9]) Lena n-áirítear freisin M6.

(23) Maidir le cruinniú scairshealbhóirí an Eintitis Nua ("Cruinniú na Scairshealbhóirí"), sonraítear in Airteagal 2.5 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí nach mór do Bouygues agus Bertelsmann teacht ar chomhaontú ar chomhsheasamh maidir le gach mír ar an gclár oibre roimh aon Chruinniú Scairshealbhóirí. I gcás easaontais, beidh ar Bertelsmann, i bprionsabal, vótáil ar aon dul le Bouygues.

(24) Beidh beirt chomhaltaí déag ar Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Nua ("An Bord Stiúrthóirí"). Beidh Bouygues ábalta ceathrar comhaltaí a cheapadh, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí ("POF") ([10]) agus beidh sé ábalta beirt chomhlachtaí neamhspleácha a ainmniú. Beidh Bertelsmann ábalta beirt stiúrthóirí a cheapadh, lena n-áirítear Leas-Chathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí agus [líon na gcomhaltaí neamhspleácha arna n-aimniú ag Bertelsmann]. I gcomhréir le hAirteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí, ní mór aon chinntí ar an mBord Stiúrthóirí a ghlacadh le tromlach na vótaí a chaithfear. I gcás líon cothrom vótaí, beidh an vóta réitigh ag an POF. Le hAirteagal 2.1.2 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí, ceanglaítear ar Bouygues agus ar Bertelsmann teacht ar chomhaontú ar chomhsheasamh maidir le gach mír ar chlár oibre an Bhoird Stiúrthóirí. I gcás easaontais, beidh ar Bertelsmann, i bprionsabal, vótáil ar aon dul le Bouygues.

3.3.1.2. Argóintí Iliad

(25) Áitíonn Iliad go mbeidh an tEintiteas Nua faoi chomhrialú ag Bouygues agus Bertelsmann.

(26) Mar thaca lena sheasamh, áitíonn Iliad, ar an gcéad dul síos, go dtacaíonn struchtúr an idirbhirt mar atá beartaithe ag Bouygues agus Bertelsmann leis an tuairim go mbeidh an tEintiteas Nua faoi chomhrialú Bouygues agus Bertelsmann. Cuireann Iliad in iúl, nuair a bheidh an tIdirbheart tugtha i gcrích, go mbeidh 16 % de chaipiteal an Eintitis Nua féin faoi úinéireacht Bertelsmann (trí RTL). Dá bhrí sin, beidh Bertelsmann ar an dara scairshealbhóir is mó san Eintiteas Nua.

(27) De réir Iliad, beidh Bertelsmann ina phríomh-scairshealbhóir san Eintiteas Nua, dá bhrí sin, go háirithe mar gheall ar shaineolas RTL san earnáil chlosamhairc. Dar le Iliad, is léir ó agallamh le Thomas Rabe, POF Bertelsmann agus Olivier Roussat, Ard-Stiúrthóir Bouygues, go bhféachann Bouygues agus Bertelsmann ar a chéile mar chomhpháirtithe fadtéarmacha, a bhfuil léargas comhroinnte ar na margaí acu ([11]). Léiríodh é sin arís i gcur i láthair d'infheisteoirí inar shonraigh TF1 agus M6 go mbeadh RTL fós ina scairshealbhóir straitéiseach fadtéarmach ([12]). Ina theannta sin, léiríonn Iliad, a mhéid nach bhfuil cearta vótála leordhóthanacha ag Bouygues ná ag RTL ina n-aonar chun tromlach a bheith acu i gcruinnithe na scairshealbhóirí, nach bhféadfaí a áirithiú go mbeadh tromlach acu ach trína gcearta vótála a fheidhmiú i gcomhar lena chéile ([13]).

(28) Ar an dara dul síos, creideann Iliad go ngníomhóidh Bouygues agus RTL mar chomhpháirtithe straitéiseacha trí ghníomhaíocht chomhbheartaithe. Sainmhínítear gníomhaíocht chomhbheartaithe, de réir bhrí Airteagal L.233 -10 de Chód Tráchtála na Fraince, mar chomhaontú arna dhéanamh ag daoine chun cearta vótála a fháil, a dhiúscairt nó a fheidhmiú, chun comhbheartas a chur i bhfeidhm i leith na cuideachta nó chun rialú ar an gcuideachta sin a fháil. Thairis sin, léiriú is ea gníomhaíocht dá leithéid a úsáideann ADLC agus measúnú á dhéanamh aige ar chineál an rialaithe a fheidhmíonn gnóthas amháin nó níos mó ar ghnóthas eile ([14]).

(29) Ar an tríú dul síos, tá Iliad den tuairim go mbeidh ionadaíocht ar leith ag Bertelsmann ar an mBord Stiúrthóirí ([15]). Thug Iliad le fios go mbeidh Nicolas de Tavernost, Cathaoirleach reatha Bhord Stiúrthóirí M6, ar an gcéad POF ar an Eintiteas Nua. Tugann Iliad le fios freisin, nuair a chuirtear san áireamh líon na gcomhaltaí boird a deonaíodh ina n-aonar do Bouygues (ceathrar) agus do Bertelsmann (triúr), nach féidir le Bouygues ná Bertelsmann gníomhú ina n-aonar ([16]).

([10]) Beidh Nicolas de Tavernost, Cathaoirleach reatha Bhord Stiúrthóirí M6, ar an gcéad POF ar an Eintiteas Nua.
([11]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, mír 7.
([12]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, mír 8.
([13]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, míreanna 10-12.
([14]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, míreanna 16-20.
([15]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, míreanna 22-23.
([16]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, míreanna 24-26.

(30) Ar deireadh, deir Iliad gur cheap Bouygues agus Bertelsmann comhstraitéis, arna cruthú leis na preaseisiúintí agus leis na cuir i láthair d'infheisteoirí ([17]).

3.3.1.3. Argóintí ADLC agus Bouygues

(31) De réir ADLC agus Bouygues, dearadh an tIdirbheart ionas go n-áiritheofar go bhfuil rialú eisiach ag Bouygues ar an Eintiteas Nua ([18]).

(32) I dtaca le Cruinniú na Scairshealbhóirí, tugann Bouygues chun suntais, i gcomhréir le hAirteagal 2.5 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí, roimh aon Chruinniú Scairshealbhóirí, go mbeidh ar Bouygues agus ar Bertelsmann dul i gcomhairle le chéile chun iarracht a dhéanamh comhsheasamh a shainiú maidir le gach vóta atá le teacht. I gcás easaontais idir Bouygues agus Bertelsmann, bheadh an seasamh a mholfadh Bouygues i réim agus bheadh ar Bertelsmann vótáil ar aon dul lena raibh cinnte ag Bouygues ([19]). Thabharfaí le fios le hanailís ar rátaí rannpháirtíochta san am atá caite i gcruinnithe scairshealbhóirí TF1 agus M6 go dtabharfadh cearta vótála comhcheangailte Bouygues agus Bertelsmann tromlach de facto do na cuideachtaí sin ag cruinnithe na scairshealbhóirí.

(33) Maidir leis an mBord Stiúrthóirí, tugann Bouygues le fios, de réir Airteagal 2.1.1 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí, go mbeidh Bord Stiúrthóirí an Eintitis Nua comhdhéanta de 12 chomhaltaí, a gceapfaidh Bouygues leath acu, lena n-áirítear an cathaoirleach ag a mbeidh vóta réitigh ([20]).

(34) Mar aon leis an ullmhúchán do chruinnithe na scairshealbhóirí, deir Bouygues go n-éilítear le Comhaontú na Scairshealbhóirí tréimhse chomhairliúcháin idir Bouygues agus Bertelsmann roimh aon chruinniú de chuid an Bhoird Stiúrthóirí ([21]). I gcás easaontais idir Bouygues agus Bertelsmann, bheadh an seasamh a mholfadh Bouygues i réim agus bheadh ar Bertelsmann vótáil ar aon dul lena raibh cinnte ag Bouygues ([22]). Ní fhéadfaidh Bertelsmann gníomhú go neamhspleách ar sheasamh Bouygues ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Go sonrach, foráiltear in Airteagal 2.1.2 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí nach mbeidh ar Bertelsmann cloí le seasamh an Bhoird Stiúrthóirí má bhíonn Bertelsmann nó duine dá ionadaithe ar an mBord Stiúrthóirí den tuairim go mbeadh cinneadh neamhdhleathach go dtiocfadh sé salach ar leas corparáideach an Eintitis Nua ([23]). Ina theannta sin, liostaítear in Airteagal 2.1.4 cúrsaí nach mbeidh sé de cheangal ar Bertelsmann vótáil ar aon dul le Bouygues ina leith, ach níor cheart go mbainfeadh sé sin ach le cinntí eisceachtúla ar dócha go mbeadh tionchar acu ar luach an Eintitis Nua ([24]).

(35) Ar deireadh, tugann Bouygues le fios go rialóidh sé gach cinneadh straitéiseach de chuid an Eintitis Nua, lena n-áirítear a phlean gnó agus a bhuiséad, a infheistíochtaí agus ceapadh a stiúrthóirí. I ndáil leis sin, léiríonn Bouygues nach bhfuil na fíricí ar a bhfuil Iliad ag brath chun teacht ar an tuairim gur cheap Bouygues agus Bertelsmann comhstraitéis bunaithe ar phreaseisiúintí amháin, nach bhfuil ábhar iomlán na gComhaontuithe agus Chomhaontú na Scairshealbhóirí iontu ([25]).

3.3.1.4. Measúnú an Choimisiúin

(A) Cúlra dlíthiúil

(36) De réir an Fhógra Dlínse Comhdhlúite, beidh comhrialú ann i gcás ina bhfuil deis ag dhá ghnóthas nó beirt daoine nó níos mó nó chun tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar ghnóthas eile. Trí thionchar cinntitheach, is gnách go gciallaíonn an Coimisiún an chumhacht bac a chur ar chinntí lena gcinntear iompar straitéiseach tráchtála gnóthais. Ní mór do ghnóthais a fhaigheann comhrialú ar ghnóthas eile teacht ar chomhthuiscint maidir le beartas tráchtála an chomhfhiontair a chinneadh agus ní mór dóibh comhoibriú le chéile ([26]).

([17]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, míreanna 27-33.
([18]) Féach anailís ADLC ar infheidhmeacht an Rialacháin maidir le Cumaisc maidir le hIdirbheart an 30 Samhain 2021, lch. 7, agus Barúlacha Bouygues, lch. 10.
([19]) Barúlacha Bouygues, lch. 5.
([20]) Barúlacha Bouygues, lch. 8.
([21]) Barúlacha Bouygues, lgh. 5-6.
([22]) Barúlacha Bouygues, lch. 5.
([23]) Barúlacha Bouygues, lch. 6.
([24]) Barúlacha Bouygues, lgh. 6 agus 9.
([25]) Barúlacha Bouygues, lch. 9.
([26]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 62.

(37) Úsáideann an Coimisiún roinnt critéar chun comhrialú a chinneadh.

(38) Cé go bhféadfadh comhrialú a bheith ann i gcás ina roinneann dhá mháthairchuideachta na cearta vótála agus an ionadaíocht i gcomhlachtaí cinnteoireachta ar bhonn cothrom, ní mheasann an Coimisiún gur coinníoll riachtanach é sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh comhrialú a bheith ann freisin in éagmais cearta vótála comhionanna nó ionadaíocht chomhionann. Is é a dhála freisin go háirithe nuair a bhaineann scairshealbhóirí mionlaigh leas as cearta breise, amhail cearta crosta thar chinntí straitéiseacha don Eintiteas Nua ([27]). Is gnách go gcuimsítear i gcearta crosta lena dtugtar comhrialú cinntí maidir le saincheisteanna amhail an buiséad, an plean gnó, mór-infheistíochtaí nó ceapadh lucht bainistíochta sinsearaí.

(39) Ina theannta sin, tá an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh comhrialú a bheith mar thoradh ar chomhfheidhmiú na gceart vótála. Dá bhrí sin, fiú d'uireasa cearta sonracha crosta, féadfaidh dhá ghnóthas nó níos mó a fhaigheann scairshealbha mionlaigh i ngnóthas eile comhrialú a fháil ([28]). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina soláthraíonn na scairshealbha mionlaigh le chéile an modh chun an spriocghnóthas a rialú. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar chomhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí chuige sin, nó féadfar é a bhunú ar bhonn de facto, go háirithe nuair atá leasanna comhchoiteanna láidre i gceist ([29]).

(40) Ar deireadh, cuireann an Coimisiún tosca eile san áireamh, lena n-áirítear vóta réitigh a bheith ann ([30]). Chun go mbeidh comhrialú ann, níor cheart go mbeadh vóta réitigh ann ach do mháthairchuideachta amháin mar go mbeadh rialú eisiach ag an gcuideachta a bhfuil an vóta réitigh aici mar thoradh air sin ([31]). Féadfar comhrialú a bheith ann, áfach, i gcás nach bhfuil ach ábharthacht agus éifeachtacht theoranta leis an vóta réitigh sin sa chleachtas ([32]).

(B) Cearta crosta Bertelsmann san Eintiteas Nua

(41) Mar a mhínítear i míreanna (22)-(24) thuas, mura sonraítear a mhalairt, beidh ar Bertelsmann vótáil i gcomhréir le Bouygues ag cruinnithe an Bhoird Stiúrthóirí agus ag Cruinnithe na Scairshealbhóirí.

(42) Mar eisceacht, déantar foráil in Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí [maidir le sásra lena gcuirtear ar chumas Bertelsmann vótáil i gcoinne togra le haghaidh líon socraithe ábhar i gcásanna eisceachtúla] ([33]). Measann an Coimisiún go bhfuil an sásra sin in Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí cosúil le ceart crosta do Bertelsmann maidir leis na hábhair sin. [Sonraí maidir le feidhmiú Chomhaontú na Scairshealbhóirí]. Dá bhrí sin, beidh ceart crosta ag Bertelsmann maidir leis na hábhair a liostaítear in Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí.

(43) Ar an gcéad dul síos, tá liosta ábhar in Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí a mbeidh ceart crosta ag Bertelsmann ar bhonn eisceachtúil ina leith. Baineann sé sin go háirithe le leasú na n-airteagal comhlachais, ionadú iniúchóirí, aon athrú ar an mbeartas um dháileadh díbhinní, aon athrú ar na rialacha rialachais, aon mhéadú ar chaipiteal, méadú suntasach ar fhiachas agus ar ghealltanas an Eintitis Nua d'aon ghnó nua nach dtagann faoina chuspóir. Maidir leis na cearta crosta sin, sonraíonn an Coimisiún, i gcomhréir le mír 66 den Fhógra Dlínse Comhdhlúite, nach mbaineann na hábhair sin le cinntí straitéiseacha an Eintitis Nua. Tá feidhm ag ceart crosta Bertelsmann maidir le hábhair a bhaineann leis an Eintiteas Nua a bheith ann agus, dá bhrí sin, ní féidir leis comhrialú a thabhairt dó ar an Eintiteas Nua. Ina ionad sin, comhfhreagraíonn na cearta crosta sin do na cearta a dheonaítear de ghnáth do scairshealbhóirí mionlaigh chun a leasanna airgeadais mar infheisteoirí i gcomhfhiontar a chosaint.

(44) Le hAirteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí tugtar cearta crosta do Bertelsmann i ndáil le cineálacha áirithe infheistíochtaí. Go sonrach, coinneoidh Bertelsmann an ceart gan cloí le togra Bouygues maidir le (i) aon infheistíocht, díol nó fáil scaireanna, gnólachtaí agus sócmhainní ar mhéid nach mó ná EUR [méid na tairsí] in aghaidh an idirbhirt; (ii) aon chearta a gheofar maidir le hábhar closamhairc níos mó ná EUR [méid na tairsí] in aghaidh an idirbhirt in aghaidh na bliana; (iii) aon socrú um dháileadh tráchtála níos mó ná EUR [méid na tairsí] in aghaidh an idirbhirt in aghaidh na bliana; (iv) aon chomhfhiontar nó aon chomhpháirtíocht, nó aon ráthaíocht

([27]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 65.
([28]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 74.
([29]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, míreanna 74-76.
([30]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 82.
([31]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 82.
([32]) Fógra Dlínse Comhdhlúite, mír 82.
([33]) Ní shíneann an oibleagáid sin chuig na comhaltaí neamhspleácha arna n-ainmniú ag Bouygues nó ag Bertelsmann.

eile a chruthú ar mhéid níos mó ná EUR [méid na tairsí] in aghaidh na bliana in aghaidh gach ceann díobh; agus (v) aon tosach feidhme dlíthíochta maidir le méid níos mó ná EUR [méid na tairsí]. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún le fios go sáraíonn na tairseacha a leagtar amach i gComhaontú na Scairshealbhóirí luach beagnach gach ceann de na hinfheistíochtaí a rinne TF1 le 10 mbliana anuas (agus gach infheistíocht a rinne M6) ([34]). Dá bhrí sin, ní cineál iad cearta crosta Bertelsmann lena dtugtar ceart crosta dó thar ghnáth-reáchtáil ghnó an Eintitis Nua. I bhfianaise na méideanna atá socraithe, comhfhreagraíonn na cearta crosta sin do chearta lena gcosnaítear scairshealbhóirí mionlaigh de ghnáth.

(45) Dá bhrí sin, i bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach bhfeidhmeoidh Bertelsmann comhrialú ar an Eintiteas Nua de bharr na gceart crosta a leagtar amach in Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí.

(46) Ceapfaidh Bouygues agus Bertelsmann an chéad POF ar an Eintiteas Nua ([35]). Beidh sé ar dhuine den cheathrar comhaltaí ar an mBord Stiúrthóirí arna gceapadh ag Bouygues. Le linn na Tréimhse Glasála ([36]), féadfaidh Bouygues, i ndiaidh plé a dhéanamh le Bertelsmann, ach gan ceart crosta ar bith a bheith ag Bertelsmann maidir leis an gcinneadh deiridh, POF an Eintitis Nua a dhífhostú. Maidir le ceapadh POFanna amach anseo, beidh ar Bouygues liosta [...] iarrthóirí a mholadh [...] agus beidh Bertelsmann ábalta duine de na hiarrthóirí a chrosadh ([37]). Beidh an focal deiridh, dá bhrí sin, ag Bouygues maidir le rogha [an POF] mura measann Bertelsmann go bhfuil buairt thromchúiseach eiticiúil ag baint leis an iarrthóir ([38]). […] ([39]). Fágann sé sin go mbeidh an focal scoir ag Bouygues, le linn na Tréimhse Glasála agus ina diaidh, maidir le ceapadh agus dífhostú POF an Eintitis Nua. Ní bheidh ceart crosta ag Bertelsmann ach maidir le [...] agus maidir le ceapadh iarrthóra a mbeadh buairt thromchúiseach eiticiúil ag Bertelsmann faoi nó fúithi. Ar an láimh eile, ní bheidh ceart crosta ag Bertelsmann maidir le dífhostú an POF. Dá bhrí sin, tá cearta crosta Bertelsmann sa phróiseas chun POF an Eintitis Nua a cheapadh cosúil le ceart comhairliúcháin, a fhreagraíonn do chearta lena gcosnaítear scairshealbhóirí mionlaigh de ghnáth. Sonraíonn an Coimisiún freisin go mbeidh Bouygues ábalta an chéad POF den Eintiteas nua a dhífhostú gan mhoill.

(47) Dá bhrí sin, ceapann an Coimisiún nach mbeidh comhrialú ag Bertelsmann ar an Eintiteas Nua de dheasca a rannpháirtíochta i gceapadh agus i ndífhostú POF an Eintitis Nua.

(48) Maidir leis an bplean gnó agus leis an mbuiséad, tugann an Coimisiún le fios go mbunaítear le hAirteagal 2.2.1 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí coiste iniúchóireachta a bheidh freagrach as an mbuiséad agus as an bplean gnó a ullmhú, a bheidh comhdhéanta de chomhalta den Bhord Stiúrthóirí a cheapfaidh Bouygues agus de chomhalta den Bhord Stiúrthóirí a cheapfaidh Bertelsmann ([40]). [Tiocfaidh Bouygues agus Bertelsmann ar chomhaontú faoin gcéad phlean gnó] ([41]). Ina theannta sin, ní mór go n-urromófaí i bpleananna gnó amach anseo, nach féidir le Bertelsmann agóid a dhéanamh ina gcoinne ach má mheasann sé go bhfuil siad ar neamhréir le leas corparáideach an Eintitis Nua, ([42]) na spriocanna ioncaim, sineirgí agus infheistíochta arna gcomhaontú ag Bouygues agus Bertelsmann ([43]). Dá bhrí sin, [maidir le pleananna gnó amach anseo, beidh Bouygues ábalta a chinneadh a fhorchur ar an mBord Stiúrthóirí mar gheall ar a vóta réitigh] ([44]). Tá na pleananna gnó sin agus an buiséad sin don todhchaí ina gcinntí straitéiseacha de chuid an Eintitis Nua.

([34]) Deimhníonn Bouygues nár sháraigh TF1 na tairseacha sin ach trí huaire ó bhí 2011 ann, agus nár sháraigh M6 iad riamh. Ina theannta sin, mar fhreagra ar iarratas ar fhaisnéis RFI 2, dheimhnigh Bouygues, i gcás inarb ábhartha, nach raibh aon sárú breise ar na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 2.1.4 mar thoradh ar chomhdhlúthú sonraí stairiúla idir TF1 agus M6 (féach RFI 2, freagra ar cheist 2 agus iarscríbhinn). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil na tairseacha ard go leor chun nach dtabharfaí cros do Bertelsmann maidir le cinntí straitéiseacha an Eintitis Nua.

([35]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.3.

([36]) Foráiltear in Airteagal 3.2 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí, cé is moite de chásanna eisceachtúla, nach mór do Bertelsmann a scairshealbha a choinneáil san Eintiteas Nua ar feadh [tréimhse shonraithe] (“**Tréimhse Ghlasála**”).

([37]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.3.

([38]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.1.2.

([39]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.3.

([40]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.2.1.

([41]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.2.1. Ina theannta sin, ina fhreagra ar iarratas ar fhaisnéis RFI 2, dheimhnigh Bouygues go dtugtar an fhéidearthacht do Bouygues leis na Comhaontuithe an plean gnó a leasú sa ghearrthéarma agus an chéad bhuiséad a chúlghairm (féach RFI 2, freagra ar cheist 5 (b)).

([42]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.1.2.

([43]) Comhaontú na Scairshealbhóirí, Airteagal 2.2.1.

([44]) Féach thíos, mír (62).

(49) Dá bhrí sin, ceapann an Coimisiún nach bhfeidhmeoidh Bertelsmann comhrialú ar an Eintiteas Nua i ngeall ar an sásra chun pleananna gnó agus buiséid an Eintitis Nua amach anseo a phlé agus a ghlacadh.

(50) Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún le fios nach bhfuil aon cheart ann lena dtugtar cros do Bertelsmann maidir le cinntí straitéiseacha a bhaineann leis an Eintiteas Nua.

(C) Comhfheidhmiú na gceart vótála

(51) Maidir le cruinnithe na scairshealbhóirí, taobh amuigh de na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí (a phléitear i bpointí (43)-(45) thuas), ní bheidh Bertelsmann ábalta cur i gcoinne seasamh a ghlacfaidh Bouygues.

(52) Laistigh den Bhord Stiúrthóirí, áfach, chomh maith leis na hábhair a leagtar amach in Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí agus ceapadh POF an Eintitis Nua (a phléitear i bpointí (43)-(47) thuas), tá an ceart ag Bertelsmann agóid a dhéanamh i gcoinne aon chinneadh má mheasann sé go bhfuil sé neamhdhleathach nó go dtagann sé salach ar leas corparáideach an Eintitis Nua (Airteagal 2.1.2 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí).

(53) Níl an coincheap maidir le leas corparáideach faoi réir coinníollacha sonracha. Mar sin féin, mar atá léirithe ag Bouygues, (i) tá an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 2.1.2 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí ina ngnáth-eisceacht agus níl bhaineann sí go sonrach leis an earnáil chlosamhairc, (ii) agus níl sé beartaithe í a chur i bhfeidhm ach i gcásanna tromchúiseacha amháin, (iii) toisc gurb é is cuspóir leis aon dliteanas sibhialta agus/nó coiriúil a thiocfadh chun cinn do na comhaltaí arna gceapadh ag Bertelsmann a chosc ([45]). Dá bhrí sin, sonraíonn an Coimisiún go bhfuil raon feidhme na heisceachta teoranta.

(54) Fágann sé sin nach mbeidh Bertelsmann ábalta feidhmiú ar bhonn de jure chun tionchar cinntitheach a imirt ar an Eintiteas Nua faoi théarmaí Chomhaontú na Scairshealbhóirí. Ní mór a mheas, áfach, an bhféadfadh comhfheidhmiú na gceart vótála a bheith ann freisin ar bhonn de facto.

(55) Ar an gcéad dul síos, tá saineolas ag Bertelsmann san earnáil chlosamhairc a théann níos faide ná gníomhaíochtaí an Eintitis Nua. Chomh maith leis sin, fiú mura mbeidh Bertelsmann ábalta a sheasamh a fhorchur, beidh ar Bouygues agus Bertelsmann dul i gcomhairle le chéile chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú maidir le comhsheasamh vótála roimh gach cruinniú den Bhord Stiúrthóirí nó de Chruinniú Scairshealbhóirí an Eintitis Nua. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh Bouygues agus Bertelsmann gníomhú mar aon eintiteas amháin i gcomhlachtaí cinnteoireachta an Eintitis Nua. Ina theannta sin, beidh róil éagsúla ag POF an Eintitis Nua amach anseo laistigh de Bertelsmann ([46]).

(56) Tá saineolas ag Bouygues san earnáil chlosamhairc freisin, áfach, agus ní bheidh sé ag brath ar Bertelsmann ar bhealach ar bith i ndáil leis sin. Ina theannta sin, ní bheidh déileálacha suntasacha gnó ag Bertelsmann leis an Eintiteas Nua ([47]). Ar deireadh, coimeádann Bouygues an ceart chuige féin chun POF an Eintitis Nua a dhífhostú agus ní bheidh Bertelsmann ábalta cur i gcoinne an chinnidh.

(57) Fágann sé sin nach bhfuil aon fhianaise ann lena gcruthaítear go bhfuil leas coiteann láidir ann idir Bouygues agus Bertelsmann.

(58) Ceal leas den sórt sin, ceapann an Coimisiún gur gnách go gcuirtear toimhde an comhrialaithe de facto as an áireamh i gcás go bhféadfadh aistriú comhghuaillíochtaí idir scairshealbhóirí mionlaigh teacht chun cinn. Sa chás reatha, d'fhéadfadh Bouygues, i gcomhthéacs an Bhoird Stiúrthóirí agus ag Cruinniú Scairshealbhóirí, é féin a ailíniú le scairshealbhóirí mionlaigh eile ar ábhair a mbeadh leas ag Bertelsmann vótáil i gcoinne Bouygues ina leith.

([45]) Féach RFI 2, freagra ar cheist 1.

([46]) Cuireadh chun Gníomhaithe, Iarscríbhinn 2, mír 23.

([47]) Ina fhreagra ar iarratas ar fhaisnéis RFI 2, dheimhnigh Bouygues go bhfuil rún ann scor de dhéileálacha laistigh den ghrúpa idir M6 agus Bertelsmann (féach RFI 2, freagra ar cheist 4 (b)). Léirigh Bouygues, áfach, go bhféadfadh an tEintiteas Nua, amhail aon oibreoir eile, ábhar nó seirbhísí a fháil ó fhochuideachtaí Bertelsmann ar théarmaí an mhargaidh.

(59) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún le fios, i gcás easaontais idir Bouygues agus Bertelsmann, nach gceanglófar ar Bertelsmann a scairshealbha a choinneáil ach le linn na Tréimhse Glasála amháin [fad na Tréimhse Glasála]. Ag deireadh na tréimhse sin, beidh Bertelsmann ábalta a scaireanna a dhíol, rud a thugann ceart suibscríbhinne do Bouygues ar [méid na scairshealbh] de na scaireanna. Féadfar na scairshealbha eile a dhíol gan srian, [ar an gcoinníoll nach mbeidh rogha an cheannaitheora ina chúis le himní iomaíochta]. Dá bhrí sin, ceapann an Coimisiún, i gcás easaontais, nach rachfaí i bhfeidhm ar mharthanas an Eintitis Nua.

(60) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach dtagann chomhfheidhmiú de facto ceart vótála as na Comhaontuithe agus as Comhaontú na Scairshealbhóirí.

(D) Vóta réitigh

(61) In aon chás, i gcomhréir le mír 82 den Fhógra Dlínse Comhdhlúite, chun go mbeidh comhrialú ann, níor cheart gurb é an cás nach bhfuil vóta réitigh ann ach do mháthairchuideachta amháin mar go mbeadh rialú eisiach ag an gcuideachta a bhfuil an vóta réitigh aici mar thoradh air sin.

(62) Sa chás sin, rialóidh Bouygues leath den Bhord Stiúrthóirí, lena n-áirítear an POF, ([48]) a mbeidh an vóta réitigh aige. Mar thoradh air sin, ní cosúil nach bhfuil gá le vóta Bertelsmann chun go nglacfadh an Bouygues le seasamh na mBord Stiúrthóirí, mura bhforchoimeádtar na hábhair de réir bhrí Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí (nuair nach féidir vótaí a chomhthiomsú). Mar an gcéanna, ag Cruinniú na Scairshealbhóirí, ní bheidh Bertelsmann ábalta cur i gcoinne sheasamh Bouygues ach maidir le hábhair fhorchoimeádta amháin de réir bhrí Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí (nuair nach féidir vótaí a chomhthiomsú).

(63) Dá bhrí sin, mar thoradh ar vóta réitigh Bouygues, ní bheidh comhrialú ag Bertelsmann ar an Eintiteas Nua.

(E) Rialú eisiach ar an Eintiteas Nua

(64) Mar a chruthaítear thuas, luann Coimisiún go mbeidh de chumhacht ag Bouygues leath de Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Nua a cheapadh. Mar gheall ar fhorálacha Chód Tráchtála na Fraince, ([49]) beidh vóta réitigh ag POF an Eintitis Nua, a cheapfaidh Bouygues, i gcás comhionannas vótaí. Dá réir sin, beidh Bouygues in ann a chinntí a fhorchur ar Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Nua. Sonraíonn an Coimisiún go dtugtar smacht iomlán do Bouygues ar rialú eisiach de jure ar an Eintiteas Nua leis na cearta sin.

(65) Thairis sin, de réir fhorálacha Airteagal 2.5 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí, cé is moite d'ábhair a fhorchoimeádtar de réir bhrí Airteagal 2.1.4 de Chomhaontú na Scairshealbhóirí (nach cineál iad a dtugtar comhrialú leo), ní mór do Bertelsmann vótáil ar aon dul leis na Breithiúna ag cruinnithe na scairshealbhóirí. Dá réir sin, déanfaidh Bouygues ar thart ar 46 % de na cearta vótála ag Cruinnithe Scairshealbhóirí an Eintitis Nua a rialú go héifeachtach . De réir na staitisticí stairiúla comhdhlúite arna gcur i láthair ag Bouygues, comhfhreagraíonn sé sin do níos mó ná leath de na cearta vótála a léirítear go hiarbhír ag cruinnithe na scairshealbhóirí ([50]). Dá bhrí sin, sonraíonn an Coimisiún go mbeidh rialú eisiach de facto ag Bouygues ar an Eintiteas Nua freisin. Taispeántar sa tábla seo a leanas na sonraí stairiúla comhdhlúite maidir le rannpháirtíocht i gcruinnithe scairshealbhóirí TF1 agus M6 ó 2019 i leith.

([48]) Dhearbhaigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh cheana, chun críche an Rialacháin maidir le Cumaisc a chur i bhfeidhm, go gcuirfidh ionadaithe neamhspleácha arna gceapadh ag scairshealbhóir dearcadh an duine a bheidh á cheapadh nó á ceapadh san áireamh gan amhras (féach, chuige sin, breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 23 Feabhra 2006 i gCás T -282/02 Cementbouw Handel & Industrie v an Coimisiún, mír 74). Ceal fianaise dá mhalairt, ceapann an Coimisiún go ngníomhóidh an bheirt chomhaltaí neamhspleácha de Bhord Stiúrthóirí an Eintitis Nua arna gceapadh ag Bouygues ar aon dul le Bouygues.

([49]) Cód Tráchtála na Fraince, Airteagal L.225-37.

([50]) Féach RFI 2, freagra ar cheist 3.

Tábla 1

Sonraí stairiúla comhdhlúite maidir le rannpháirtíocht TF1 agus M6

Bliain	Ráta comhdhlúite rannpháirtíochta	Ráta measta scairshealbhaithe Bouygues	An ráta rannpháirtíochta Bouygues i ndáil le líon iomlán na vótaí comhdhlúite
2021	[…] %	46 %	[Níos mó ná leath]%
2020	[…] %	46 %	[Níos mó ná leath]%
2019	[…] %	46 %	[Níos mó ná leath]%

Foinse: Freagra Bouygues ar iarratas RFI 2 ar fhaisnéis, ceist 3

(66) Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim gur ag Bouygues amháin a bheidh rialú an Eintitis Nua ó thaobh dlí agus ó thaobh fíricí de.

(F) Conclúid maidir le cineál an rialaithe ar an Eintiteas Nua

(67) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, tá an Coimisiún den tuairim gurb é Bouygues amháin a rialóidh an tEintiteas Nua.

3.3.2. *Conclúid maidir leis na gnóthais lena mbaineann an tIdirbheart*

(68) Tá an Coimisiún den tuairim, de bharr cineál eisiach rialú Bouygues ar an Eintiteas Nua, gurb iad na gnóthais a mbaineann an tIdirbheart leo (TF1 san áireamh) an gnóthas fála agus gurb iad M6 an spriocghnóthas.

3.4. **Conclúid maidir leis an ngné Aontais den Idirbheart**

(69) Ós rud é go ngineann Bouygues agus M6 araon níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas sa Fhrainc, tá an Coimisiún den tuairim nach ionann an tIdirbheart agus comhchruinniú lena mbaineann gné Aontais.

4. **CONCLÚID**

(70) Níl dlínse ag an gCoimisiún maidir leis an Idirbheart a mheas.

(71) Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin do Iliad agus foilseofar é san Iris Oifigiúil, gan aon ghnéithe rúnda ná rúin ghnó.